

**COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE - RÁTH AN DÚIN**



**Comhairle Contae County Council**

**Na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta),  
2017**

**ARNA NDÉANAMH FAOI NA HACHTANNA UM THRÁCHT AR BHÓITHRE,  
1961-2010**

**An Rannán Tráchta,**

**An Roinn Iompair & Seirbhísí Uisce**

**Traffic and Road Safety Section,**

**Municipal Services Department**



## Clár an Ábhair

<b>1.0</b>	<b>MÍNITHE AGUS GINEARÁLTA.....</b>	<b>4</b>
<b>2.0</b>	<b>LUA .....</b>	<b>ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.</b>
<b>3.0</b>	<b>LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA ..</b>	<b>ERROR! BOOKMARK NOT DEFINED.</b>
3.1	AN CHÉAD SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 50 CM/U .....	6
3.2	AN DARA SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 CM/U .....	6
3.3	AN TRÍÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 CM/U (LÁNA BUS AMHÁIN) .....	09
3.4	AN CEATHRÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 CM/U GAN LÁNA BUS A ÁIREAMH .....	11
3.5	AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 CM/U.....	11
3.6	AN SÉÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 100 CM/U.....	144
3.7	AN SEACHTÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 CM/U.....	14
3.8	AN TOCHTÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN TRÉIMHSIÚIL SPEISIALTA 30 CM/U.....	16
3.9	AN NAOÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 CM/U AR BHÓITHRE EASTÁT TITHIOCHTA AGUS AR BHÓITHRE CÓNAITHE ÁITIÚLA .....	17

## **1.0 MÍNITHE AGUS GINEARÁLTA**

- 1.1 I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le halt 9 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004), agus faoi réir toiliú i scríbhinn ó Choimisinéir an Gharda Síochána agus ón Údarás Náisiúnta Iompair, déanann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i ndáil le bóithre náisiúnta agus mótarbhealaí, leis seo, na fodhlíthe seo a leanas i leith an limistéir arb éard é limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, mar a mhínítear leis an léarscáil arna ullmhú de réir Alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993.
- 1.2 Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh an 4<sup>ú</sup> lá d'Iúil, 2017.
- 1.3 Sna fodhlíthe seo:
- tá le "limistéar riaracháin" an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001;
  - tá le "limistéar foirgnithe" an bhrí a shanntar dó le hAcht 2004;
  - ciallaíonn "achar" achar arna thomhas ar feadh lár líne bóthair;
  - tá le "bóthar áitiúil", "bóthar réigiúnach", "bóthar náisiúnta", agus "mótarbhealach" an bhrí a shanntar dóibh, faoi seach, in Acht na mBóithre, 1993;
  - tá feidhm ag "luasteorainn" maidir le bóthar sa dá threo mura sonraítear a mhalairt;
  - ciallaíonn "Acht 1961" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961);
  - ciallaíonn "Acht 1993" Acht na mBóithre, 1993 (Uimh. 14 de 1993);
  - ciallaíonn "Acht 1994" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7 de 1994);
  - ciallaíonn "Acht 2001" an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001;
  - ciallaíonn "Acht 2004" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2004 (Uimh. 44 de 2004);
  - ciallaíonn "Acht 2010" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 (Uimh. 25 de 2010).
- 1.4 Tá feidhm ag luasteorainneacha réamhshocraithe, ach amháin i gcás go bhfuil feidhm ag luasteorainneacha speisialta nó luasteorainn oibreacha bóthair agus faoi réir fhorálacha Alt 10 agus Alt 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004, maidir leis na hearnálacha bóithre poiblí seo a leanas.
- (1) 50 ciliméadar san uair an luasteorainn limistéir fhoirgnithe do gach feithicil inneallghluaiste.

(2) 80 ciliméadar san uair an luasteorainn bóithre réigiúnacha agus áitiúla do gach feithicil inneallghluaiste.

(3) 100 ciliméadar san uair an luasteorainn bóithre náisiúnta do gach feithicil inneallghluaiste.

(4) 100 ciliméadar san uair an luasteorainn mótarbhealaigh do gach feithicil inneallghluaiste.

1.5 Féadfar luasteorainneacha speisialta a shonrú i bhFodhlíthe agus a chur i bhfeidhm de réir mar a leanas:

a) (i) 30 ciliméadar san uair, agus

(ii) 40 ciliméadar san uair, i leith bóthar nó bóithre de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 9(9) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004.

b) 50 ciliméadar san uair, i leith aon bhóthar seachas bóthar i limistéar foirgnithe.

c) 60 ciliméadar san uair.

d) 80 ciliméadar san uair, i leith mótarbhealach, bóthar náisiúnta nó bóthar i limistéar foirgnithe.

e) 100 ciliméadar san uair, i leith mótarbhealach, bóthar réigiúnach nó áitiúil neamhuirbeach nó bóthar i limistéar foirgnithe.

f) 120 ciliméadar san uair, i leith carrbhealach dúbailte ar cuid é de bhóthar náisiúnta nach mótarbhealach de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 9(9) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 2004.

1.6 Níl feidhm ag an luasteorainn maidir le tiománaí feithicle briogáide dóiteáin, otharchairr nó comhalta den Gharda Síochána d'úsáid feithicle i gcomhlíonadh fheidhmeanna an chomhalta sin nó maidir le duine a bheidh ag tiomáint nó ag úsáid feithicle faoi stiúradh comhalta den Gharda Síochána, i gcás nach gcuirfidh an úsáid sin sábháilteacht úsáideoirí bóthair i mbaol.

1.7 Cúlghairtear leis seo Na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta), 2013 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin dar dáta an 16<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair, 2013.

## **2.0 LUA**

2.1 Na Fodhlíthe um Thrácht ar Bhóithre (Luasteorainneacha Speisialta), 2017 is teideal do na Fodhlíthe seo.

### **3.0 LUASTEORAINNEACHA SPEISIALTA**

#### **3.1 AN CHÉAD SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 50 CM/U**

Beidh luasteorainn **50 cm/u** ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar bhóithre poiblí atá suite laistigh de theorainn limistéar riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin (mar a thaispeántar ar an léarscáil teorann contae arna ullmhú de réir alt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Baile Átha Cliath), 1993), agus a thaispeántar go táscach freisin ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae (faoi dhath glas), ach amháin na bóithre sin a shonraítear sa dara sceideal, sa tríú sceideal, sa cheathrú sceideal, sa chúigiú sceideal, sa séú sceideal, sa seachtú sceideal, san ochtú sceideal agus sa naoú sceideal a ghabhann leis na Fodhlíthe seo;

#### **3.2 AN DARA SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 CM/U**

**60 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, le dath buí agus a shonraítear anseo thíos: -

##### **Bóthar Stigh Lorgan agus Bóthar Bhré (cuid de)**

- (i) An dá thaobh de Bhóthar Stigh Lorgan, ó thrasnú Belfield le teorainn Limistéar Riaracháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin go dtí pointe 89 méadar soir ó dheas óna acomhal le Lána na Cille.

##### **Bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar Stigh Lorgan agus Bóthar Bhré (cuid de) (ag dul ó dheas)**

- (i) An sliosbhóthar ó charrbhealach Bhóthar Stigh Lorgan ag dul ó dheas go dtí pointe 156 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal leis an droichead thar Bhóthar Stigh Lorgan ag Belfield.
- (ii) An sliosbhóthar chuig carrbhealach Bhóthar Stigh Lorgan ag dul ó dheas os coinne Belfield idir a acomhal le Bóthar Stigh Lorgan agus pointe 203 mhéadar soir ó dheas óna acomhal leis an droichead thar Bhóthar Stigh Lorgan.
- (iii) (Sean)bhóthar Stigh Lorgan (ag Sruthán Foster) ar feadh achar 20m i dtreo siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (iv) Garrán Mhuirfean, ar feadh achar 23 mhéadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (v) Ascaill Bhaile an Bhóthair, ar feadh achar 25m i dtreo soir óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.

- (vi) Ascaill Chnoc Mhuirfean, ar feadh achar 20m i dtreo soir ó thuaidh óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (vii) Gleanntán na gCrann, ar feadh achar 35 mhéadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (viii) Céide na Prióireachta, ar feadh achar 35 mhéadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (ix) Páirc Stigh Lorgan, ar feadh achar 20m i dtreo soir ó thuaidh óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (x) Garrán Stigh Lorgan, ar feadh achar 30m i dtreo soir óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xi) Ascaill Bhán na Feirme, ar feadh achar 29 méadar i dtreo soir óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xii) Garrán Belmont (Iontráil Thuaidh), ar feadh achar 15 mhéadar i dtreo soir óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xiii) Garrán Belmont (Slí Amach Theas), ar feadh achar 20 méadar i dtreo ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xiv) Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, ar feadh achar 29 méadar i dtreo ó thuaidh óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xv) Lána na Cille, ar feadh achar 29 méadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhré.

**Bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar Stigh Lorgan (ag dul ó thuaidh)**

- (i) Páirc Achadh an Tobair, ar feadh achar 19 méadar i dtreo siar ó dheas óna hacomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (ii) Cnoc Sionnaigh, ar feadh achar 30 méadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (iii) Bóthar Bhaile na Lobhar, ar feadh achar 53 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (iv) Bóthar na Grúdlainne, ar feadh achar 30 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (v) An Cnoc, ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (vi) Bóthar Chill Mochuda Íochtarach, ar feadh achar 57 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.

- (vii) Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath os coinne Chéide na Prióireachta, ar feadh achar 45 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (viii) Bóthar na gCrann Íochtarach, ar feadh achar 40 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (ix) An tArd, ar feadh achar 52 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (x) Ascaill Foster, ar feadh achar 75 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Stigh Lorgan.
- (xi) An sliosbhóthar chuig Belfield idir a acomhal le Bóthar Stigh Lorgan agus pointe 203 mhéadar soir ó dheas óna acomhal leis an droichead thar Bhóthar Stigh Lorgan ag Belfield.
- (xii) An sliosbhóthar as Belfield idir a acomhal le Bóthar Stigh Lorgan agus pointe 180 méadar siar ó thuaidh óna acomhal leis an droichead thar Bhóthar Stigh Lorgan ag Belfield.

### **Bóthar an Teampaill /Bóthar Wyattville agus bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar an Teampaill /Bóthar Wyattville**

- (i) Bóthar an Teampaill, An Baile Breac, ó phointe 20 méadar siar ó dheas óna acomhal le timpeallán Ascaill Bhaile an Róistigh / Bóthar Ghleann Saileach go dtí pointe 20 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Wyattville.
- (ii) Bóthar Radharc an Teampaill, ar feadh achar 20 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar an Teampaill.
- (iii) Bóthar Wyattville, óna acomhal le Bóthar an Teampaill go dtí pointe 50 méadar siar ó dheas óna acomhal le Seanbhóthar Wyattville.
- (iv) Bóthar Wyattville (Sean), ar feadh achar 58 méadar i dtreo soir óna acomhal le carrbhealach dúbailte Bhóthar Wyattville.
- (v) Bóthar Radharc an Teampaill, ar feadh achar 33 mhéadar i dtreo siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar an Teampaill.
- (vi) Bóthar gan ainm (ar a dtugtar *Wyattville Link Road* go háitiúil), óna acomhal le rampaí iontrála/fágála siar an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 16 (Idirmhalartú Choill na Silíní) go dtí pointe 20 méadar siar ó dheas óna acomhal le Timpeallán Ghleann an Draoi.

### **Rampaí Iontrála/Fágála M50**

- (i) Rampa fágála ó dheas an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 16 (Idirmhalartú Choill na Silíní) ó phointe 50 méadar siar ó thuaidh óna acomhal leis an mbóthar



gan ainm (*Wyattville Link Road*) go dtí an bóthar gan ainm (*Wyattville Link Road*).

- (ii) Rampa iontrála ó dheas an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 16 (Idirmhalartú Choill na Silíní) óna acomhal leis an mbóthar gan ainm (*Wyattville Link Road*) ar feadh achar 50 méadar i dtreo ó dheas.
- (iii) Rampa fágála ó thuaidh an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 16 (Idirmhalartú Choill na Silíní) ó phointe 50 méadar ó dheas óna acomhal leis an mbóthar gan ainm (*Wyattville Link Road*) go dtí an bóthar gan ainm (*Wyattville Link Road*).
- (iv) Rampa iontrála ó thuaidh an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 16 (Idirmhalartú Choill na Silíní) óna acomhal leis an mbóthar gan ainm (*Wyattville Link Road*) ar feadh achar 50 méadar i dtreo ó thuaidh.

### **Bóithre Ilghnéitheacha**

- (i) Bóthar Bhaile na Lobhar (carrbhealach dúbailte) ó phointe 40 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le timpeallán rampa iontrála siar Acomhal 14 (Áth an Ghainimh) an Mhótarbhealaigh M50 go dtí pointe 20 méadar siar ó dheas óna acomhal le Timpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar / Bhóthar na Grúdlainne.
- (ii) Bóthar Ghleann Saileach ó phointe 25 mhéadar ó thuaidh óna acomhal le Timpeallán Ascaill Bhaile an Róistigh / Bhóthar an Teampaill ag dul ó thuaidh go dtí pointe 25 mhéadar ó dheas óna acomhal le timpeallán Bhóthar Ghleann na gCaorach / Bhóthar an Naigín.

### **3.3 AN TRÍÚ SCEIDEAL - LUASTEORAINN SPEISIALTA 60 CM/U (LÁNA BUS AMHÁIN)**

**60 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste a bheidh ag tiomáint sna lánaí bus ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, le dath maigeanta agus a shonraítear anseo thíos:-

#### **Bóthar Bhré (ag dul ó dheas)**

- (i) An lána bus ag dul ó dheas ar Bhóthar Bhré ó phointe 89m soir ó dheas óna acomhal le Lána na Cille go dtí pointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Seanbhóthar Bhré os coinne Lána na Marglainne.
- (ii) An lána bus ag dul ó dheas ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le Seanbhóthar Bhré os coinne Lána na Marglainne go dtí pointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Chluain Caoin.

- (iii) An lána bus ag dul ó dheas ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Chluain Caoin go dtí pointe 7.5 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhaile Sheáin.
- (iv) An lána bus ag dul ó dheas ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhaile Sheáin go dtí pointe 5 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Gleann Sheangánaí.
- (v) An lána bus ag dul ó dheas ar Bhóthar Bhré ó phointe 10 méadar soir ó dheas óna acomhal le Gleann Sheangánaí go dtí a acomhal go dtí pointe 100 méadar ó thuaidh d'acomhal Thimpeallán Bhaile Uí Lachnáin.

### **Bóthar Bhré (ag dul ó thuaidh)**

- (i) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 10 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Páirc Choill na Silíní go dtí pointe 15 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le rampa iontrála ó thuaidh Bhóthar Bhré ag Coill na Silíní.
- (ii) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le rampa northbound on ramp Bhóthar Bhré ag Coill na Silíní go dtí pointe 5 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le Corrán na Sailí.
- (iii) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Corrán na Sailí go dtí pointe 5 mhéadar soir ó dheas óna acomhal le bóthar iontrála "Na Rampair".
- (iv) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le bóthar fágála "Na Rampair" go dtí a acomhal le Páirc na Feá.
- (v) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 15 mhéadar siar ó thuaidh óna acomhal le Páirc na Feá go dtí pointe 10 méadar soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhaile Sheáin.
- (vi) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 10 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhaile Sheáin, go dtí pointe 10 méadar soir ó dheas de Sheanbhóthar Bhré os coinne Bhóthar Chluain Caoin.
- (vii) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 10 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Chluain Caoin, go dtí pointe 10 méadar soir ó dheas óna acomhal le Seanbhóthar Bhré.
- (viii) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 10 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Seanbhóthar Bhré a théann go dtí Lána na Marglainne go dtí pointe 10 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Westminster.

- (ix) An lána bus ag dul ó thuaidh ar Bhóthar Bhré ó phointe 20 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Westminster go dtí pointe 89 méadar soir ó dheas óna acomhal le Lána na Cille.

#### **Bóithre Ilghnéitheacha**

- (i) An Rampa Iontrála ó dheas chuig Bóthar Bhré ag Coill na Silíní, ó phointe 50 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Wyattville go dtí a acomhal le Bóthar Bhré.
- (ii) An Rampa Fágála ó dheas ó Bhóthar Bhré go dtí pointe 50 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Wyattville.

### **3.4 AN CEATHRÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 80 CM/U GAN LÁNA BUS A ÁIREAMH**

**80 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste a bheidh ag tiomáint ar na bóithre poiblí sin (gan an lána bus a áireamh a mbeidh luasteorainn 60cm/u ann dó mar a léirítear sa Tríú Sceideal thuas) a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, daite maigeanta agus a shonraítear anseo thíos:-

#### **Bóthar Bhré**

- (i) An taobh de Bhóthar Bhré ag dul ó dheas, gan an lána bus neastaobh ag dul ó dheas a áireamh, idir pointe 89 méadar soir ó dheas óna acomhal le Lána na Cille go dtí pointe 100 méadar ó thuaidh d'acomhal Thimpeallán Bhaile Uí Lachnáin.
- (ii) An taobh de Bhóthar Bhré ag dul ó thuaidh, gan an lána bus neastaobh ag dul ó thuaidh a áireamh, idir a acomhal le Bóthar Choill na Silíní agus pointe 89 méadar soir ó dheas óna acomhal le Lána na Cille.

#### **Bóithre Ilghnéitheacha**

- (i) An Rampa Fágála ó dheas ó Bhóthar Bhré go dtí pointe 50 méadar siar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Wyattville.
- (ii) An Rampa Iontrála ó dheas chuig Bóthar Bhré ag Coill na Silíní, ó phointe 50 méadar soir ó dheas óna acomhal le Bóthar Wyattville go dtí a acomhal le Bóthar Bhré.

### **3.5 AN CÚIGIÚ SCEIDEAL - LUAS TEORAINN SPEISIALTA 80 CM/U**

**80 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, daite bán agus a shonraítear anseo thíos:-

- (i) Rampa fágála ó thuaidh an Mhótarbhealaigh M11 ag Acomhal 17 (Idirmhalartú M50) ó phointe 100 méadar ó thuaidh óna acomhal leis an mótarbhealach M11 ag dul ó thuaidh, trí Thimpeallán Bhaile Uí Lachnáin agus feadh Bhóthar Bhré go dtí pointe 10 méadar ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Choill na Silíní.
- (ii) Bóthar Bhré ag dul ó dheas ó phointe 100 méadar ó thuaidh d'acomhal Thimpeallán Bhaile Uí Lachnáin go dtí pointe 100 méadar ó dheas de Thimpeallán Bhaile Uí Lachnáin ar rampa iontrála ó dheas an Mhótarbhealaigh M11.
- (iii) Bóthar Áth na Sceire, óna acomhal le Teorainn Chomhairle Contae Chill Mhantáin go dtí pointe 60 méadar ó dheas óna acomhal le Lána Bharr na Slinneán.

#### **Bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar Bhré (ag dul ó dheas)**

- (i) Seanbhóthar Bhré os coinne Lána na Marglainne, ar feadh achar 14 mhéadar i dtreo ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (ii) Bóthar Chluain Caoin, ar feadh achar 38 méadar i dtreo ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (iii) Bóthar Bhaile Sheáin, ar feadh achar 60 méadar i dtreo ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (iv) Garrán Chill Bheagóige, ar feadh achar 10 méadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (v) Gleann Sheangánaí, ar feadh achar 9 méadar i dtreo soir óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (vi) Bóthar an Choimín, ar feadh achar 20 méadar i dtreo soir óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (vii) Bóthar Bhaile Átha Cliath, ar feadh achar 60 méadar i dtreo ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.

#### **Bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar Bhré (ag dul ó thuaidh)**

- (i) Ard Pháirc na Sailí, ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (ii) An Bóthar Seirbhíse gan ainm os coinne Bhóthar an Choimín, ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.

- (iii) Bóthar Choill na Silíní, ar feadh achar 35 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (iv) Rampa fágála ó thuaidh Bhóthar Bhré ag Coill na Silíní, ar feadh achar 50 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (v) Rampa iontrála ó thuaidh Bhóthar Bhré ag Coill na Silíní, ar feadh achar 53 mhéadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (vi) Corrán na Sailí, ar feadh achar 15 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (vii) An Bóthar Seirbhíse gan ainm a sheirbheálann Iostáin Gharrán na Feá (Iontráil ó dheas), ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (viii) An Bóthar Seirbhíse gan ainm a sheirbheálann Iostáin Gharrán na Feá (Fágáil ó thuaidh), ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (ix) Na Rampair, ar feadh achar 8 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (x) Páirc na Feá, ar feadh achar 16 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xi) An Bóthar Seirbhíse gan ainm, os coinne Stáisiún Seirbhíse Eglinton (Iontráil ó dheas), ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xii) An Bóthar Seirbhíse gan ainm, os coinne Stáisiún Seirbhíse Eglinton (Fágáil ó thuaidh), ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xiii) Bóthar Bhaile Sheáin (Theas) ar feadh achar 34 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xiv) Bóthar Chluain Caoin (Theas) ar feadh achar 37 méadar i dtreo ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xv) Seanbhóthar Bhré le hais Lána na Marglainne ar feadh achar 30 méadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.
- (xvi) Bóthar Westminster, ar feadh achar 30 méadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Bóthar Bhré.

### **Bóithre Ilghnéitheacha**

- (i) Rampa fágála ó dheas an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 14 (Áth an Ghainimh), soir ó phointe 100 méadar soir óna acomhal leis an Mótarbhealach M50 go dtí pointe 50 méadar siar óna acomhal le timpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar.

- (ii) Ar an mBealach Glas (Soir), ó phointe 70 méadar soir ón Timpeallán ó Thuaidh d'Acomhal 13 go dtí pointe 25 mhéadar siar ó Rothal Áth an Ghainimh d'Acomhal Áth an Ghainimh (Acomhal 14).
- (iii) Ar an mBealach Glas (Siar), ó phointe 35 méadar siar ó Rothal Áth an Ghainimh d'Acomhal Áth an Ghainimh (Acomhal 14) go dtí pointe 80 méadar soir ó Thimpeallán ó Dheas Acomhal Bhaile an tSaoir (Acomhal 13).

### **3.6 AN SÉÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 100 CM/U**

**100 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, daite gorm agus a shonraítear anseo thíos:-

#### **An Mótarbhealach M50**

- (i) An Mótarbhealach M50 (Lánaí ó Thuaidh agus ó Dheas) ón áit a dtrasnaíonn sé teorainn Chomhairle Contae Dheisceart Bhaile Átha Cliath go dtí pointe 250 méadar soir óna acomhal leis an rampa fágála M50 go dtí Acomhal 14 (Rothal Áth an Ghainimh).

#### **Rampaí Iontrála/Fágála M50**

- (i) Rampa fágála ó dheas an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 13 (Baile an tSaoir), soir óna acomhal leis an Mótarbhealach M50 go dtí pointe 50 méadar siar óna acomhal le Timpeallán Bhóthar Bhaile an tSaoir/Bhóthar Ghort an Bhreithimh.
- (ii) Rampa iontrála ó thuaidh an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 13 (Baile an tSaoir), ó phointe 50 méadar siar ó Thimpeallán Bhóthar Bhaile an tSaoir/An Bhealaigh Ghlais Siar go dtí a acomhal leis an Mótarbhealach M50.
- (iii) Rampa fágála ó dheas an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 14 (Áth an Ghainimh), óna acomhal leis an M50 i dtreo siar ó thuaidh ar feadh 100 méadar.
- (iv) Rampa iontrála ó thuaidh an Mhótarbhealaigh M50 ag Acomhal 14 (Áth an Ghainimh), ó phointe 50 méadar siar óna acomhal le Timpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar siar go dtí a acomhal leis an Mótarbhealach M50.

#### **Rampaí Iontrála/Fágála M11**

- (i) Rampa iontrála ó dheas an Mhótarbhealaigh M11 ag Acomhal 17 (Acomhal M50) ó phointe 100 méadar ó dheas óna acomhal le Timpeallán Bhaile Uí Lachnáin i dtreo ó dheas go dtí a acomhal leis an Mótarbhealach M11/M50.

### **3.7 AN SEACHTÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 CM/U**

**30 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, daite dearg dorcha agus a shonraítear anseo thíos:-

**Bóthar Dhroichead na gCloch agus bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar Dhroichead na gCloch.**

- (i) Bóthar Dhroichead na gCloch ó phointe 10 méadar siar óna acomhal le Bóthar Bhaile Átha Cliath i dtreo siar go dtí pointe 10 méadar soir óna acomhal le Bóthar Falls.
- (ii) Bóthar na Leabharlainne ar feadh achar 15 mhéadar i dtreo soir óna acomhal le Lána Dhroichead na gCloch.
- (iii) Lána Dhroichead na gCloch óna acomhal le Bóthar Dhroichead na gCloch soir ó thuaidh agus ag críochnú i gCaochshráid.

**Sráid Sheoirse Uachtarach /Íochtarach agus bóithre lena ndéantar acomhal le Sráid Sheoirse Uachtarach /Íochtarach.**

- (i) Sráid Sheoirse Uachtarach ó phointe 14 mhéadar soir ó dheas óna hacomhal le Sráid Mulgrave go dtí pointe 20 méadar siar ó thuaidh ó acomhal Shráid Sheoirse Íochtarach le Bóthar na Leabharlainne.
- (ii) Sráid Mulgrave ar feadh achar 18 méadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Uachtarach.
- (iii) Bóthar na Mara ar feadh achar 24 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Uachtarach.
- (iv) Sráid Phádraig ar feadh achar 15 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach.
- (v) Bóthar an Chlochair, ar feadh achar 44 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach.
- (vi) Sráid Sussex, ar feadh achar 8 méadar i dtreo soir ó thuaidh óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach.
- (vii) Lána an Chlochair óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach go dtí a acomhal le Bóthar an Chlochair.
- (viii) Sráid Wellington ar feadh achar 11 mhéadar i dtreo soir ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach.
- (ix) Bóthar na Leabharlainne ar feadh achar 25 mhéadar i dtreo siar ó dheas óna acomhal le Sráid Sheoirse Íochtarach.

### **3.8 AN TOCHTÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN TRÉIMHSIÚIL SPEISIALTA 30 CM/U**

**30 cm/u** an luasteorainn tréimhsiúil speisialta a bheidh infheidhme ó Luan go hAoine le linn na scoilbhliana caighdeánaí (mar atá leagtha síos sa Doiciméad um an Scoilbhliain agus an Scoilbhliain Chaighdeánach ón Roinn Oideachais agus Scileanna) idir na huaireanta 07:30 go 09:30 agus 13:00 go 16:30, d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí sin a thaispeántar go táscach ar líníocht Uimh. TT-107-01-13 Luasteorainneacha Contae, daite dearg dorcha le haitseáil chrosach bhán agus a shonraítear anseo thíos. Gach tráth eile, rachaidh an luasteorainn ar na bóithre poiblí a shonraítear thíos ar ais go dtí 50 cm/u:-

#### **Bealach na Saor Cloiche**

- (i) Bealach na Saor Cloiche ó phointe 20 méadar ó dheas óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain go dtí pointe 30 méadar ó dheas óna acomhal le Bealach Llewellyn.

#### **Bóthar an Átha Leathain agus bóithre lena ndéantar acomhal le Bóthar an Átha Leathain**

- (i) Bóthar an Átha Leathain, ó phointe 32 mhéadar ó thuaidh óna acomhal le hAscaill Bhaile an tSaoir go dtí a acomhal le Bealach na Saor Cloiche.
  - (ii) Céide Bhaile an tSaoir, ar feadh achar 24 mhéadar i dtreo soir óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
  - (iii) Ard an Átha Leathain, ar feadh achar 20 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
  - (iv) Clós an Átha Leathain, ar feadh achar 10 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
  - (v) Plásóg an Átha Leathain, ar feadh achar 20 méadar i dtreo siar óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
  - (vi) Garrán an Chrainn Chnó, ar feadh achar 22 mhéadar i dtreo soir óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
  - (vii) Siúlán an Átha Leathain ar feadh achar 10 méadar i dtreo ó dheas óna acomhal le Bóthar an Átha Leathain.
-



### **3.9 AN NAOÚ SCEIDEAL – LUASTEORAINN SPEISIALTA 30 CM/U AR BHÓITHRE EASTÁT TITHÍOCHTA AGUS AR BHÓITHRE CÓNAITHE ÁITIÚLA**

**30 cm/u** an luasteorainn speisialta a bheidh ann d'fheithiclí inneallghluaiste ar na bóithre poiblí áitiúla sin a thaispeántar go táscach daite dearg dorcha ar líníochtaí TT-089-01-2017 go TT-089-40-2017, agus a shonraítear anseo thíos:-

